Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Eanáir 2023
(OR. en)

5529/23

LIMITE

CORLX 75
CFSP/PESC 108
COEST 62
FIN 58

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES[1].

(2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-714/20[2], ba cheart iontráil amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

PUBLIC

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

[2] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an cúigiú Dlísheomra) an 26 Deireadh Fómhair 2022, *Dmitry Vladimirovich Ovsyannikov v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C T-714/20, aitheantóir ECLI: ECLI:EU:T:2022:674.

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES, 'Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 agus Airteagal 2', faoin gceannteideal ('Daoine'), scriostar an iontráil a bhaineann leis an duine seo a leanas:

161. Dmitry Vladimirovich OVSYANNIKOV.

PUBLIC